Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10788– UTUM / SCHWARZ GROUP / APPLIEDAI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 218/07)

1. An 23 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— UnternehmerTUM Group ("UTUM", AN GHEARMÁIN), faoi rialú deiridh Ms. Susanne Klatten,

— Schwarz Dienstleistung KG (AN GHEARMÁIN), faoi rialú deiridh Schwarz Group,

— UnternehmerTUM Solutions GmbH ("appliedAI", AN GHEARMÁIN), atá á rialú ag UTUM faoi láthair.

Gheobhaidh UTUM agus Schwarz Group rialú comhpháirteach ar appliedAI de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá lárionad nuálaíochta agus cruthaithe gnó á oibriú ag UTUM san Eoraip agus cuireann sé réimse leathan clár cáilíochta fiontraíche ar fáil do mhic léinn, d'eolaithe agus do ghairmithe chomh maith le seirbhísí comhairleoireachta do ghnólachtaí nuathionscanta, seirbhísí taighde agus seirbhísí cáilíochta, mar aon le gréasán láidir bunaitheora,

— Tá Schwarz Group gníomhach go príomha i miondíol bia trína slabhraí miondíola Lidl agus Kaufland, i dtáirgeadh bia dá gcuideachtaí miondíola agus i mbailiú, sórtáil, próiseáil agus athchúrsáil dramhaíola mar sholáthróir comhtháite seirbhísí i réimse an bhainistithe dramhaíola.

3. Áireofar in appliedAI gníomhaíochtaí taighde agus comhairleachta UTUM maidir leis an intleacht saorga atá i bhfeidhm faoi láthair, agus cuirfidh sé seirbhísí taighde, bogearraí agus comhairleachta ar fáil do ghnólachtaí na hEorpa. Thairis sin, beidh appliedAI ina fhochuideachta neamhbhrabúis ar lánúinéireacht, a dhéanfaidh ionad Eorpach taighde agus oideachais i réimse IS a fhorbairt.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10788 – UTUM / SCHWARZ GROUP / APPLIEDAI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË